

Is áis doiciméadúcháin amháin an téacs seo agus níl aon éifeacht dhlíthiúil aige. Ní ghabhann institiúidí an Aontais aon dliteanas orthu féin i leith inneachar an téacs. Is iad na leaganacha de na gníomhartha a foilsíodh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh agus atá ar fáil ar an suíomh gréasáin EUR-Lex na leaganacha barántúla de na gníomhartha ábhartha, brollach an téacs san áireamh. Is féidir teacht ar na téacsanna oifigiúla sin ach na naisc atá leabaithe sa doiciméad seo a bhrú

►B **RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/405 ÓN gCOIMISIÚN**
an 24 Márta 2021

lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin a údaraítear i dtaobh ainmhithe agus earraí áirithe a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine a theacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(IO L 114, 31.3.2021, lch. 118)

Arna leasú le:

			Iris Oifigiúil		
			Uimh	Leathanach	Dáta
► <u>M1</u>	Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/606 ón gCoimisiún an 14 Aibreán 2021		L 129	65	15.4.2021
► <u>M2</u>	Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1327 ón gCoimisiún an 10 Lúnasa 2021		L 288	28	11.8.2021
► <u>M3</u>	Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1469 ón gCoimisiún an 10 Meán Fómhair 2021		L 321	21	13.9.2021
► <u>M4</u>	Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/34 ón gCoimisiún an 22 Nollaig 2021		L 8	1	13.1.2022
► <u>M5</u>	Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/363 ón gCoimisiún an 2 Márta 2022		L 69	40	4.3.2022
► <u>M6</u>	Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1389 ón gCoimisiún an 2 Lúnasa 2022		L 210	1	11.8.2022
► <u>M7</u>	Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2293 ón gCoimisiún an 18 Samhain 2022		L 304	31	24.11.2022

Arna cheartú le:

► **C1** Ceartúchán, IO L 72, 7.3.2022, lch. 8 (2022/363)



RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/405 ÓN gCOIMISIÚN

an 24 Márta 2021

lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin a údaraítear i dtaobh ainmhithe agus earraí áirithe a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine a theacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

Leagtar síos leis an Rialachán seo na liostaí de thríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin óna gceadaítear coinsíneachtaí ainmhithe agus earraí áirithe a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine a theacht isteach san Aontas i gcomhréir le hAirteagal 126(2)(a) de Rialachán (AE) 2017/625.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críche an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (1) ciallaíonn “feoil úr” feoil úr mar a shainmhínítear í i bpointe 1.10 d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004;
- (2) ciallaíonn “ullmhóidí feola” ullmhóidí feola mar a shainmhínítear iad i bpointe 1.15 d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004;
- (3) ciallaíonn “dlúthchrúbaigh chlóis” ainmhithe den speiceas *Equus caballus*, *Equus asinus* agus ainmhithe a chrosphóraithear uathu;
- (4) ciallaíonn “dlúthchrúbaigh fhiáine” ainmhithe den fhoghéineas *Hippotigris*;
- (5) ciallaíonn “scairteach” scairteach mar a shainmhínítear é i bpointe 1.11 d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004;
- (6) ciallaíonn “feoil” feoil mar a shainmhínítear í i bpointe 1.1 d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004;
- (7) ciallaíonn “mionfheoil” mionfheoil mar a shainmhínítear í i bpointe 1.13 d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004;
- (8) ciallaíonn “éanlaith chlóis” éanlaith chlóis mar a shainmhínítear í i bpointe 1.3 d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004;
- (9) ciallaíonn “leipiridigh fhiáine” coiníní agus giorriacha nach gcoinníonn daoine;
- (10) ciallaíonn “géim fiáin” géim fiáin mar a shainmhínítear é i bpointe 1.5 d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004;

▼B

- (11) ciallaíonn “géim feirme” géim feirme mar a shainmhínítear é i bpointe 1.6 d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004;
- (12) ciallaíonn “uibheacha” uibheacha mar a shainmhínítear iad i bpointe 5.1 d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004;
- (13) ciallaíonn “táirgí uibhe” táirgí uibhe mar a shainmhínítear iad i bpointe 7.3 d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004;
- (14) ciallaíonn “táirgí feola” táirgí feola mar a shainmhínítear iad i bpointe 7.1 d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004;
- (15) ciallaíonn “goilí, lamhnáin agus inní cóireáilte” goilí, lamhnáin agus inní cóireáilte mar a shainmhínítear iad i bpointe 7.9 d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004;
- (16) ciallaíonn “cásálacha” cásálacha mar a shainmhínítear iad i bpointe (45) den dara mír d’Airteagal 2 de Rialachán Tarmlichte (AE) 2020/692;
- (17) ciallaíonn “saill ainmhíoch leáite” saill ainmhíoch leáite mar a shainmhínítear í i bpointe 7.5 d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004;
- (18) ciallaíonn “geirdheascadh” geirdheascadh mar a shainmhínítear é i bpointe 7.6 d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004;
- (19) ciallaíonn “moilisc dhébhlaoscacha” moilisc dhébhlaoscacha mar a shainmhínítear iad i bpointe 2.1 d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004;
- (20) ciallaíonn “táirgí iascaigh” táirgí iascaigh mar a shainmhínítear iad i bpointe 3.1 d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004;
- (21) ciallaíonn “bainne amh” bainne amh mar a shainmhínítear é i bpointe 4.1 d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004;
- (22) ciallaíonn “táirgí déiríochta” táirgí déiríochta mar a shainmhínítear iad i bpointe 7.2 d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004;
- (23) ciallaíonn “gruth buí” gruth buí mar a shainmhínítear é i bpointe 1 de Roinn IX d’Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004;
- (24) ciallaíonn “táirgí bunaithe ar ghruth buí” táirgí bunaithe ar ghruth buí mar a shainmhínítear iad i bpointe 2 de Roinn IX d’Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004;
- (25) ciallaíonn “cosa froganna” cosa froganna mar a shainmhínítear iad i bpointe 6.1 d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 agus aon chosa froganna eile de chuid na ngéineas Pelophylax den fhine Ranidae, agus de chuid na ngéineas Limnonectes, Fejervarya agus Hoplobatrachus den fhine Dicroglossidae;
- (26) ciallaíonn “seilidí” seilidí mar a shainmhínítear iad i bpointe 6.2 d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 agus aon seilidí eile den fhine Helicidae, Hygromiidae nó Sphincterochilidae;
- (27) ciallaíonn “geilitín” geilitín mar a shainmhínítear é i bpointe 7.7 d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004;

▼B

- (28) ciallaíonn “collaigin” collaigin mar a shainmhínítear í i bpointe 7.8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004;
- (29) ciallaíonn “mil” mil mar a shainmhínítear í i bpointe (1) de Chuid IX d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾;
- (30) ciallaíonn “táirgí beachadóireachta” táirgí beachadóireachta mar a shainmhínítear iad i bpointe 2 de Chuid IX d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013;
- (31) ciallaíonn “feoil reiptíle” feoil reiptíle mar a shainmhínítear í i bpointe (16) d'Airteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/625;
- (32) ciallaíonn “feithidí” feithidí mar a shainmhínítear iad i bpointe (17) d'Airteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/625;
- (33) ciallaíonn “sicíní lae” sicíní lae mar a shainmhínítear iad i bpointe (19) d'Airteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692;
- (34) ciallaíonn “uibheacha goir” uibheacha goir mar a shainmhínítear iad i bpointe (44) d'Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2016/429;
- (35) ciallaíonn “éanlaith chlóis phórúcháin” éanlaith chlóis phórúcháin mar a shainmhínítear í i bpointe (17) d'Airteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692;
- (36) ciallaíonn “éanlaith chlóis tháirgiúil” éanlaith chlóis tháirgiúil mar a shainmhínítear í i bpointe (18) d'Airteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692;
- (37) ciallaíonn “ainmhithe a mbeartaítear iad a mharú” ainmhithe a mbeartaítear iad a mharú mar a shainmhínítear iad i bpointe (13) d'Airteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692.

▼M7*Airteagal 2a*

Liosta tríú tíortha a bhfuil plean rialaithe formheasta acu maidir le substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de, lotnaidicídí agus éilleáin i mbia-ainmhithe áirithe agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine

1. Na pleananna rialaithe le haghaidh substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de, lotnaidicídí agus éilleáin, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292 ón gCoimisiún ⁽²⁾, arna gcur faoi bhráid an Choimisiúin ag na tríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin a liostaítear sa tábla a leagtar amach in Iarscríbhinn -I a ghabhann leis an Rialachán seo, tá na pleananna sin formheasta i dtaobh na mbia-ainmhithe agus na dtáirgí de bhunadh ainmhíoch a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine agus atá marcáilte le “X” sa tábla sin.

⁽¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margái i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 671).

⁽²⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292 ón gCoimisiún an 6 Meán Fómhair 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais i ndáil le coinsíneachtaí bia-ainmhithe agus earraí áirithe a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine a theacht isteach san Aontas (IO L 304., 24.11.2022, lch. 1).

▼ **M7**

2. Na tríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin a rinne iarraidh go mbeadh siad ar an liosta dá dtagraítear in Airteagal 6(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292 ach nár chuir isteach pleananna rialaithe maidir le substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de, lotnaidicídí agus éilleáin agus a bhfuil sé beartaithe acu, de réir na hiarrata sin, gan ach amhábhair a úsáid chun táirgí atá beartaithe lena n-onnmhairiú chuig an Aontas a tháirgeadh, ar amhábhair iad ó na Ballstáit nó ó thríú tíortha eile atá formheasta chun amhábhair den sórt sin a allmhairiú isteach san Aontas i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo, déantar iad a mharcáil le “Δ,” le haghaidh an speicis nó an tráchtarra ábhartha, sa tábla in Iarscríbhinn -I a ghabhann leis an Rialachán seo.

3. Na tríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin a rinne iarraidh go mbeadh siad ar an liosta dá dtagraítear in Airteagal 6(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292 ach nár chuir isteach pleananna rialaithe maidir le substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de, lotnaidicídí agus éilleáin le haghaidh bó-ainmhithe, ainmhithe de chineál caorach, ainmhithe de chineál gabhair, muc-ainmhithe, each-ainmhithe, coinín nó éanlaith chlóis agus a bhfuil sé beartaithe acu, de réir na hiarrata sin, táirgí ilchodacha a onnmhairiú chuig an Aontas trí úsáid a bhaint as táirgí ainmhiócha próiseáilte ó na speicis sin a fhaightear ó Bhallstát nó ó thríú tír nó ó réigiún sa tír sin a bhfuil pleananna rialaithe i bhfeidhm acu le haghaidh substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de, déantar iad a mharcáil le “O”, le haghaidh na speiceas a chumhdaítear leis an iarraidh, sa tábla in Iarscríbhinn -I a ghabhann leis an Rialachán seo.

4. Na tríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin a rinne iarraidh go mbeadh siad ar an liosta dá dtagraítear in Airteagal 6(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292 agus atá marcáilte le “X” sa tábla in Iarscríbhinn -I a ghabhann leis an Rialachán seo le haghaidh na gcatagóirí “dobharshaothrú”, “bainne” nó “uibheacha” agus a bhfuil sé beartaithe acu, de réir na hiarrata sin, táirgí ilchodacha a tháirgeadh, déantar iad a mharcáil freisin le “O” don chuid eile de na catagóirí sin nach bhfuil marcáilte le “X”, sa tábla in Iarscríbhinn -I a ghabhann leis an Rialachán seo.

5. Na tríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin a rinne iarraidh go mbeadh siad ar an liosta dá dtagraítear in Airteagal 6(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292 agus atá marcáilte le “X” sa tábla in Iarscríbhinn -I a ghabhann leis an Rialachán seo le haghaidh na gcatagóirí “bó-ainmhithe”, “ainmhithe de chineál caorach, ainmhithe de chineál gabhair”, “muc-ainmhithe”, “each-ainmhithe”, “éanlaith chlóis”, “dobharshaothrú”, “bainne”, “uibheacha”, “coinín”, “géim fiáin” nó “géim feirme” agus a tháirgeann táirgí ilchodacha le táirgí próiseáilte a dhíorthaítear ó mhoilisc dhébhlaoscacha de thionscnamh na mBallstát nó tríú tíortha nó réigiún sna tíortha sin a liostaítear in Iarscríbhinn VIII a ghabhann leis an Rialachán seo, déantar iad a mharcáil freisin le “P” sa tábla in Iarscríbhinn -I a ghabhann leis an Rialachán seo.

▼ **B***Airteagal 3*

Liosta de thríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin a údaraítear i dtaobh coinsíneachtaí feola úire agus ullmhóidí feola ó chrúbacha seachas dlúthchrúbaigh a theacht isteach san Aontas

I gcás coinsíneachtaí feola úire agus ullmhóidí feola ó chrúbacha seachas dlúthchrúbaigh, a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine, ní údarófar iad i dtaobh teacht isteach san Aontas ach amháin má thagann siad ó na tríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin a údaraítear i dtaobh teacht isteach san Aontas i gcomhréir le hIarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ► **M7** agus a liostaítear i gCinneadh 2011/163/AE ◀.

▼B*Airteagal 4***Liosta de thríú tíortha a údaraítear i dtaobh coinsíneachtaí feola úire, cé is moite de mhionfheoil, agus coinsíneachtaí ullmhóidí feola ó dhlúthchrúbaigh chlóis a theacht isteach san Aontas**

I gcás coinsíneachtaí feola úire, cé is moite de mhionfheoil, agus coinsíneachtaí ullmhóidí feola ó dhlúthchrúbaigh chlóis, a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine, ní údarófar iad i dtaobh teacht isteach san Aontas ach amháin má thagann siad ó na tríú tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn I.

*Airteagal 5***Liosta de thríú tíortha a údaraítear i dtaobh coinsíneachtaí feola úire, cé is moite de scairteach agus mionfheoil, agus coinsíneachtaí ullmhóidí feola ó dhlúthchrúbaigh fhiáine a theacht isteach san Aontas**

I gcás coinsíneachtaí feola úire, cé is moite de scairteach agus mionfheoil, agus coinsíneachtaí ullmhóidí feola ó dhlúthchrúbaigh fhiáine, a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine, ní údarófar iad i dtaobh teacht isteach san Aontas ach amháin má thagann siad ó na tríú tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn II.

*Airteagal 6***Liosta de thríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin a údaraítear i dtaobh coinsíneachtaí feola úire ó éanlaith chlóis, raitítigh agus éanlaith géim fhiáin, agus ullmhóidí feola ó éanlaith chlóis, a theacht isteach san Aontas**

I gcás coinsíneachtaí feola úire ó éanlaith chlóis, raitítigh agus éanlaith géim fhiáin, agus ullmhóidí feola ó éanlaith chlóis, a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine, ní údarófar iad i dtaobh teacht isteach san Aontas ach amháin má thagann siad ó na tríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin a údaraítear i dtaobh teacht isteach san Aontas i gcomhréir le hIarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ►**M7** agus a liostaítear i gCinneadh 2011/163/AE ◀.

I gcás coinsíneachtaí feola úire ó éanlaith géim fhiáin a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine, nach bhfuil cluimhrithe agus nach bhfuil dí-innithe, agus a thagann ó thríú tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn III, ní údarófar iad i dtaobh teacht isteach san Aontas ach amháin más ar eitleán a iompraítear iad.

*Airteagal 7***Liosta de thríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin a údaraítear i dtaobh coinsíneachtaí uibheacha agus táirgí uibhe a theacht isteach san Aontas**

I gcás coinsíneachtaí uibheacha agus táirgí uibhe, a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine, ní údarófar iad i dtaobh teacht isteach san Aontas ach amháin má thagann siad ó na tríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin a údaraítear i dtaobh teacht isteach san Aontas i gcomhréir le hIarscríbhinn XIX a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ►**M7** agus a liostaítear i gCinneadh 2011/163/AE i leith “uibheacha” ◀.

▼B

I gcás coinsíneachtaí uibheacha a bheartaítear a chur ar an margadh mar uibheacha Aicme A i gcomhréir le hAirteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 589/2008 ón gCoimisiún ⁽¹⁾, ní údarófar iad i dtaobh teacht isteach san Aontas ach amháin má thagann siad ó na tríú tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn IV, chun na ceanglais maidir le rialú salmonella a chomhlíonadh i gcomhréir le hAirteagal 10(6) de Rialachán (CE) Uimh. 2160/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾.

Airteagal 8

Liosta de thríú tíortha a údaraítear i dtaobh coinsíneachtaí d'fheoil úr coinín feirme, agus coinsíneachtaí d'fheoil úr leipirideach fiáin nach bhfuil scairteach inti seachas leipiridigh fhiáine neamhfheannta nach bhfuil dí-innithe, a theacht isteach san Aontas

I gcás coinsíneachtaí d'fheoil úr coinín feirme agus coinsíneachtaí d'fheoil úr leipirideach fiáin nach bhfuil scairteach inti, seachas leipiridigh fhiáine neamhfheannta nach bhfuil dí-innithe, a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine, ní údarófar iad i dtaobh teacht isteach san Aontas ach amháin má thagann siad ó na tríú tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn V.

Airteagal 9

Liosta de thríú tíortha a údaraítear i dtaobh coinsíneachtaí d'fheoil úr ó mhamaigh thalún fhiáine seachas crúbacha agus leipiridigh, nach bhfuil scairteach inti, a theacht isteach san Aontas

I gcás coinsíneachtaí d'fheoil úr ó mhamaigh thalún fhiáine seachas crúbacha agus leipiridigh, nach bhfuil scairteach inti agus a bheartaítear lena caitheamh ag an duine, ní údarófar iad i dtaobh teacht isteach san Aontas ach amháin má thagann siad ó na tríú tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn VI.

Airteagal 10

Liosta de thríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin a údaraítear i dtaobh coinsíneachtaí táirgí feola, lena n-áirítear saillte ainmhíocha leáite, geirdheascadh, úisc feola agus goilí, lamhnáin agus inní cóireáilte, agus gan cásálacha san áireamh, a theacht isteach san Aontas

I gcás coinsíneachtaí táirgí feola, lena n-áirítear saillte ainmhíocha leáite, geirdheascadh, úisc feola agus goilí, lamhnáin agus inní cóireáilte, agus gan cásálacha san áireamh, ó leipiridigh, dlúthchrúbaigh agus mamaigh thalún fhiáine seachas crúbacha agus leipiridigh, a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine, ní údarófar iad i dtaobh teacht isteach san Aontas ach amháin má thagann siad ó na tríú tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn VII.

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 589/2008 ón gCoimisiún an 23 Meitheamh 2008 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle maidir le caighdeáin mhargaíochta uibheacha (IO L 163, 24.6.2008, lch. 6).

⁽²⁾ Rialachán (CE) Uimh. 2160/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Samhain 2003 maidir le rialú salmonella agus oibreáin zónóiseacha bia-iompartha sonraithe eile (IO L 325, 12.12.2003, lch. 1).

▼B

I gcás coinsíneachtaí táirgí feola, lena n-áirítear sailhte ainmhíocha leáite, geirdheascadh, úisc feola agus goilí, lamhnáin agus inní cóireáilte, agus gan cásálacha san áireamh, ó speicis eile seachas na speicis dá dtagraítear sa chéad mhír, a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine, ní údarófar iad i dtaobh teacht isteach san Aontas ach amháin má thagann siad ó na tríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin a údaraítear i dtaobh teacht isteach san Aontas i gcomhréir le hIarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ►**M7** agus a liostaítear i gCinneadh 2011/163/AE ◀.

*Airteagal 11***Liosta de thríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin a údaraítear i dtaobh coinsíneachtaí cásálacha a theacht isteach san Aontas**

I gcás coinsíneachtaí cásálacha a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine, ní údarófar iad i dtaobh teacht isteach san Aontas ach amháin má thagann siad ó na tríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin a údaraítear i dtaobh teacht isteach san Aontas i gcomhréir le hIarscríbhinn XVI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ►**M7** agus a liostaítear i gCinneadh 2011/163/AE i leith “cásálacha” ◀.

*Airteagal 12***Liosta de thríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin a údaraítear i dtaobh coinsíneachtaí de mhoilisc dhébhlascacha, eicínideirmigh, túinicigh agus gastrapóid mhuirí bheo, fhuaraithe, reoite nó phróiseáilte a theacht isteach san Aontas**

I gcás coinsíneachtaí de mhoilisc dhébhlascacha, eicínideirmigh, túinicigh agus gastrapóid mhuirí bheo, fhuaraithe, reoite nó phróiseáilte, a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine, ní údarófar iad i dtaobh teacht isteach san Aontas ach amháin má thagann siad ó na tríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin a liostaítear in Iarscríbhinn VIII. Dá ainneoin sin, ceadófar matáin aduchtacha ó peictinidæ seachas ainmhithe dobh-arshaothraithe, atá scartha go hiomlán ó na hinní agus na gónaid agus a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine, a theacht isteach san Aontas freisin ó thríú tíortha nach bhfuil ar an liosta sin.

*Airteagal 13***Liosta de thríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin a údaraítear i dtaobh coinsíneachtaí táirgí iascaigh áirithe a theacht isteach san Aontas**

I gcás coinsíneachtaí táirgí iascaigh a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine, ní údarófar iad i dtaobh teacht isteach san Aontas ach amháin má thagann siad ó na tríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin a liostaítear in Iarscríbhinn IX. Níl feidhm aige sin maidir le coinsíneachtaí ainmhithe agus earraí a chumhdaítear le hAirteagal 12.

*Airteagal 14***Liosta de thríú tíortha a údaraítear i dtaobh coinsíneachtaí bainne amh, grutha bhuí, táirgí bunaithe ar ghruth buí agus táirgí déiríochta ó dhlúthchrúbaigh a theacht isteach san Aontas**

I gcás coinsíneachtaí bainne amh, grutha bhuí, táirgí bunaithe ar ghruth buí agus táirgí déiríochta ó dhlúthchrúbaigh, a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine, ní údarófar iad i dtaobh teacht isteach san Aontas ach amháin má thagann siad ó na tríú tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn X.

▼B

Airteagal 15

Liosta de thríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin a údaraítear i dtaobh coinsíneachtaí bainne amh, grutha bhuí, táirgí bunaithe ar ghruth buí agus táirgí déiríochta, nach gceanglaítear a chur faoi chóireáil shonrach um maolú rioscaí in aghaidh galar crúibe agus béil, a theacht isteach san Aontas

I gcás coinsíneachtaí bainne amh, grutha bhuí, táirgí bunaithe ar ghruth buí agus táirgí déiríochta, nach gceanglaítear a chur faoi chóireáil shonrach um maolú rioscaí in aghaidh galar crúibe agus béil, agus a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine, ní údarófar iad i dtaobh teacht isteach san Aontas ach amháin má thagann siad ó na tríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin a údaraítear i dtaobh teacht isteach san Aontas i gcomhréir le hIarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ►**M7** agus a liostaítear i gCinneadh 2011/163/AE i leith “bainne” ◀.

Airteagal 16

Liosta de thríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin a údaraítear i dtaobh táirgí déiríochta a gceanglaítear a chur faoi chóireáil shonrach um maolú rioscaí in aghaidh galar crúibe agus béil a theacht isteach san Aontas

I gcás coinsíneachtaí táirgí déiríochta a cheanglaítear a chur faoi chóireáil shonrach um maolú rioscaí in aghaidh galar crúibe agus béil, agus a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine, ní údarófar iad i dtaobh teacht isteach san Aontas ach amháin má thagann siad ó na tríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin a údaraítear i dtaobh teacht isteach san Aontas i gcomhréir le hIarscríbhinn XVIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ►**M7** agus a liostaítear i gCinneadh 2011/163/AE i leith “bainne” ◀.

Airteagal 17

Liosta de thríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin a údaraítear i dtaobh coinsíneachtaí cos froganna agus coinsíneachtaí seilidí a theacht isteach san Aontas

I gcás coinsíneachtaí cos froganna agus coinsíneachtaí seilidí, a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine, ní údarófar iad i dtaobh teacht isteach san Aontas ach amháin má thagann siad ó na tríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin a liostaítear in Iarscríbhinn XI.

Airteagal 18

Liosta de thríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin a údaraítear i dtaobh coinsíneachtaí geilitín agus collaigine a theacht isteach san Aontas

1. I gcás coinsíneachtaí geilitín agus collaigine, a dhíorthaítear ó bhó-ainmhithe, ainmhithe de chineál caorach, ainmhithe de chineál gabhair, muc-ainmhithe agus dlúthchrúbaigh, agus a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine, ní údarófar iad i dtaobh teacht isteach san Aontas ach amháin má thagann siad ó na tríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin a liostaítear in Iarscríbhinn XII.

2. I gcás coinsíneachtaí geilitín agus collaigine, a dhíorthaítear ó éanlaith chlóis agus a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine, ní údarófar iad i dtaobh teacht isteach san Aontas ach amháin má thagann siad ó na tríú tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn XIII.

▼B

3. I gcás coinsíneachtaí geilitín agus collaigine, a dhíorthaítear ó tháirgí iascaigh agus a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine, ní údarófar iad i dtaobh teacht isteach san Aontas ach amháin má thagann siad ó na tríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin a liostaítear in Iarscríbhinn IX.

4. I gcás coinsíneachtaí geilitín agus collaigine, a dhíorthaítear ó leipiridigh agus a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine, ní údarófar iad i dtaobh teacht isteach san Aontas ach amháin má thagann siad ó na tríú tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn V.

5. I gcás coinsíneachtaí geilitín agus collaigine, a dhíorthaítear ó mhamaigh thalún fhiáine seachas crúbacha agus leipiridigh agus a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine, ní údarófar iad i dtaobh teacht isteach san Aontas ach amháin má thagann siad ó na tríú tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn VI.

Airteagal 19

Liosta de thríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin a údaraítear i dtaobh coinsíneachtaí amhábhair chun geilitín agus collaigine a tháirgeadh a theacht isteach san Aontas

1. I gcás coinsíneachtaí amhábhair chun geilitín agus collaigine a tháirgeadh, a dhíorthaítear ó bhó-ainmhithe, ainmhithe de chineál caorach, ainmhithe de chineál gabhair agus muc-ainmhithe agus a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine, ní údarófar iad i dtaobh teacht isteach san Aontas ach amháin má thagann siad ó na tríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin a údaraítear i dtaobh coinsíneachtaí feola úire ó na crúbacha sonracha sin a theacht isteach san Aontas i gcomhréir le hIarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

2. I gcás coinsíneachtaí d'amhábhair chun geilitín agus collaigin a tháirgeadh, a dhíorthaítear ó dhlúthchrúbaigh agus a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine, ní údarófar iad i dtaobh teacht isteach san Aontas ach amháin má thagann siad ó na tríú tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn I i dtaobh dlúthchrúbaigh chlóis nó in Iarscríbhinn II i leith dlúthchrúbaigh fhiáine.

3. I gcás coinsíneachtaí d'amhábhair chun geilitín agus collaigin a tháirgeadh, a dhíorthaítear ó éanlaith chlóis agus a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine, ní údarófar iad i dtaobh teacht isteach san Aontas ach amháin má thagann siad ó na tríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin a údaraítear i dtaobh coinsíneachtaí feola úire ó na speicis faoi seach a theacht isteach san Aontas i gcomhréir le hIarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

4. I gcás coinsíneachtaí d'amhábhair chun geilitín agus collaigin a tháirgeadh, a dhíorthaítear ó tháirgí iascaigh agus a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine, ní údarófar iad i dtaobh teacht isteach san Aontas ach amháin má thagann siad ó na tríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin a liostaítear in Iarscríbhinn IX.

5. I gcás coinsíneachtaí d'amhábhair chun geilitín agus collaigin a tháirgeadh, a dhíorthaítear ó leipiridigh agus a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine, ní údarófar iad i dtaobh teacht isteach san Aontas ach amháin má thagann siad ó na tríú tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn V.

6. I gcás coinsíneachtaí d'amhábhair chun geilitín agus collaigin a tháirgeadh, a dhíorthaítear ó mhamaigh thalún fhiáine seachas crúbacha agus leipiridigh agus a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine, ní údarófar iad i dtaobh teacht isteach san Aontas ach amháin má thagann siad ó na tríú tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn VI.



Airteagal 20

Liosta de thríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin a údaraítear i dtaobh coinsíneachtaí d'amhábhair chóireáilte chun geilitín agus collaigin a tháirgeadh a theacht isteach san Aontas

1. I gcás coinsíneachtaí d'amhábhair chóireáilte chun geilitín agus collaigin a tháirgeadh, a dhíorthaítear ó bhó-ainmhithe, ainmhithe de chineál caorach, ainmhithe de chineál gabhair, muc-ainmhithe agus dlúthchrúbaigh, agus a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine, ní údarófar iad i dtaobh teacht isteach san Aontas ach amháin má thagann siad ó na tríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin a liostaítear in Iarscríbhinn XII.

2. I gcás coinsíneachtaí d'amhábhair chóireáilte chun geilitín agus collaigin a tháirgeadh, a dhíorthaítear ó éanlaith chlóis agus a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine, ní údarófar iad i dtaobh teacht isteach san Aontas ach amháin má thagann siad ó na tríú tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn XIII.

3. I gcás coinsíneachtaí d'amhábhair chóireáilte chun geilitín agus collaigin a tháirgeadh, a dhíorthaítear ó tháirgí iascaigh agus a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine, ní údarófar iad i dtaobh teacht isteach san Aontas ach amháin má thagann siad ó na tríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin a liostaítear in Iarscríbhinn IX.

4. I gcás coinsíneachtaí d'amhábhair chóireáilte chun geilitín agus collaigin a tháirgeadh, a dhíorthaítear ó leipiridigh agus a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine, ní údarófar iad i dtaobh teacht isteach san Aontas ach amháin má thagann siad ó na tríú tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn V.

5. I gcás coinsíneachtaí d'amhábhair chóireáilte chun geilitín agus collaigin a tháirgeadh, a dhíorthaítear ó mhamaigh thalún fhiáine seachas crúbacha agus leipiridigh agus a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine, ní údarófar iad i dtaobh teacht isteach san Aontas ach amháin má thagann siad ó na tríú tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn VI.

6. I gcás coinsíneachtaí d'amhábhair chóireáilte chun geilitín agus collaigin a tháirgeadh, dá dtagraítear i bpointe 4(b)(iii) de Chaibidil I de Roinn XIV d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004, ní údarófar iad i dtaobh teacht isteach san Aontas ach amháin má thagann siad ó na tríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin a údaraítear i dtaobh coinsíneachtaí d'amhábhair chóireáilte a dhíorthaítear ó na tráchtearraí sin a theacht isteach san Aontas i gcomhréir le hAirteagal 19 den Rialachán seo.

Airteagal 21

Liosta de thríú tíortha a údaraítear i dtaobh coinsíneachtaí meala agus táirgí beachadóireachta eile a theacht isteach san Aontas

I gcás coinsíneachtaí meala agus táirgí beachadóireachta eile a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine, ní údarófar iad i dtaobh teacht isteach san Aontas ach amháin má thagann siad ó na tríú tíortha a ►**M7** liostaítear i gCinneadh 2011/163/AE i leith “mil” ◀.

Airteagal 22

Liosta de thríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin a údaraítear i dtaobh coinsíneachtaí de tháirgí áirithe atá an-mhínphróiseáilte a theacht isteach san Aontas

I gcás coinsíneachtaí sulfáite condróitin, aigéid hialúrónaigh, táirgí loingeáin hidrealaithe eile, ciotósáin, glúcósaimín, binide, iascghlae agus aimínaigéad atá an-mhínphróiseáilte, a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine, ní údarófar iad i dtaobh teacht san Aontas ach amháin má thagann siad ó na tríú tíortha seo a leanas nó na réigiúin seo a leanas sna tíortha sin:

▼B

- (a) i gcás táirgí an-mhínphróiseáilte a dhíorthaítear ó chrúbacha, na tríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin a liostaítear in Iarscríbhinn XII;
- (b) i gcás táirgí an-mhínphróiseáilte a dhíorthaítear ó tháirgí iascaigh, na tríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin a liostaítear in Iarscríbhinn IX;
- (c) i gcás táirgí an-mhínphróiseáilte a dhíorthaítear ó éanlaith chlóis, na tríú tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn XIII.

*Airteagal 23***Liosta de thríú tíortha a údaraítear i dtaobh coinsíneachtaí feola reiptíle a theacht isteach san Aontas**

I gcás coinsíneachtaí feola reiptíle a bheartaítear lena caitheamh ag an duine, ní údarófar iad i dtaobh teacht isteach san Aontas ach amháin má thagann siad ó na tríú tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn XIV.

*Airteagal 24***Liosta de thríú tíortha a údaraítear i dtaobh coinsíneachtaí feithidí a theacht isteach san Aontas**

I gcás coinsíneachtaí feithidí a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine, ní údarófar iad i dtaobh teacht isteach san Aontas ach amháin más de thionscnamh na dtríú tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn XV iad agus más ó na tríú tíortha sin a chuirtear chun bealaigh iad.

*Airteagal 25***Liosta de thríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin a údaraítear i dtaobh coinsíneachtaí táirgí eile de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas**

I gcás coinsíneachtaí táirgí de bhunadh ainmhíoch seachas na táirgí sin dá dtagraítear in Airteagail 3 go 24, agus a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine, ní údarófar iad i dtaobh teacht isteach san Aontas ach amháin má thagann siad ó na tríú tíortha seo a leanas nó na réigiúin seo a leanas sna tríú tíortha sin:

- (a) más ó chrúbacha clóis seachas dlúthchrúbaigh chlóis a dhíorthaítear iad, na tríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin a údaraítear i dtaobh feoil úr crúbach clóis a theacht isteach san Aontas i gcomhréir le hIarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ►**M7** agus a liostaítear i gCinneadh 2011/163/AE nuair is infheidhme ◀;
- (b) más ó dhlúthchrúbaigh chlóis a dhíorthaítear iad, na tríú tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn I;
- (c) más ó éanlaith chlóis a dhíorthaítear iad, na tríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin a údaraítear i dtaobh feoil úr éanlaithe clóis a theacht isteach san Aontas i gcomhréir le hIarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ►**M7** agus a liostaítear i gCinneadh 2011/163/AE nuair is infheidhme ◀;
- (d) más ó tháirgí iascaigh a dhíorthaítear iad, na tríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin a liostaítear in Iarscríbhinn IX;

▼B

- (e) más ó leipiridigh a dhíorthaítear iad, na tríú tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn V;
- (f) más ó mhamaigh thalún fhiáine seachas crúbacha agus leipiridigh a dhíorthaítear iad, na tríú tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn VI;
- (g) más ó níos mó ná speiceas amháin a dhíorthaítear iad, na tríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin a liostaítear i leith gach speicis óna ndíorthaítear na táirgí, i gcomhréir le pointí (a) go (e).

Airteagal 26

Liosta de thríú tíortha a údaraítear i dtaobh coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis bheo agus d'uibheacha goir den speiceas *Gallus gallus*, de thurcaithe beo agus d'uibheacha goir turcaí a theacht isteach san Aontas

Gan dochar do na liostaí arna dtarraingt suas maidir le ceanglais sláinte ainmhithe in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, ní údarófar coinsíneachtaí d'éanlaith bheo agus d'uibheacha goir den speiceas *Gallus gallus*, de thurcaithe beo agus d'uibheacha goir turcaí i dtaobh a theacht isteach san Aontas ach amháin má thagann siad ó na tríú tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn XVI.

Ní bheidh feidhm ag na ceanglais liostaithe a leagtar síos sa chéad mhír den Airteagal seo maidir le coinsíneachtaí aonair ina bhfuil níos lú ná 20 aonad d'éanlaith chlóis bheo seachas raitítigh, uibheacha goir agus sicíní lae de chuid raitíteach, má bheartaítear iad a úsáid le haghaidh táirgeadh príomhúil éanlaithe clóis beo le haghaidh úsáid chlóis phríobháideach nó má bhíonn sé ina thoradh ar an táirgeadh príomhúil sin go soláthraíonn an táirgeoir, ar bhonn díreach, cainníochtaí beaga táirgí príomhúla, mar a thagraítear dó in Airteagal 1(3) de Rialachán (CE) Uimh. 2160/2003.

▼M3*Airteagal 26a*

Liosta de na tríú tíortha a údaraítear maidir le táirgí de bhunadh ainmhíoch agus earraí áirithe a theacht isteach san Aontas, ar de thionscnamh an Aontais a aistrítear chuig tríú tír nó réigiún di agus a aistrítear ar ais chuig an Aontas tar éis a ndíluchtaithe, a stórála agus a n-athluchtaithe sa tríú tír sin nó i réigiún di

I gcás coinsíneachtaí táirgí de bhunadh ainmhíoch agus earraí áirithe de thionscnamh an Aontais a aistrítear ó thríú tír nó réigiún di agus a aistrítear ar ais chuig an Aontas tar éis a ndíluchtaithe, a stórála agus a n-athluchtaithe sa tríú tír sin nó i réigiún di, ní údarófar iad maidir le teacht isteach san Aontas ach amháin má thagann siad ó na tríú tíortha nó réigiúin díobh a údaraítear maidir le teacht isteach san Aontas i gcomhréir le hIarscríbhinn XXII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 agus a liostaítear i gCinneadh 2011/163/AE.

▼B*Airteagal 27***Aisghairm**

Aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/626.

Déanfar tagairtí don Rialachán Cur Chun Feidhme aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil in Iarscríbhinn XVII.

▼B*Airteagal 28***Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 21 Aibreán 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

IARSCRÍBHINN -I

Liosta tríú tíortha agus críoch sna tíortha sin a bhfuil plean rialaithe formheasta acu maidir le bia-ainmhithe áirithe agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine, dá dtagraítear in Airteagal 2a, Airteagal 3, Airteagal 6, an chéad mhír, Airteagal 7, an chéad mhír, Airteagal 10, an dara mír, Airteagail 11, 15, 16, 21 agus Airteagal 25, pointí (a) agus (c)

Cód ISO na tíre	Tríú tír ⁽¹⁾ nó réigiún sa tír sin	Bó-ainmhithe	Ainmhithe de chineál caorach/ ainmhithe de chineál gabhair	Muc-ainmhithe	Each-ainmhithe	Éanlaith chlóis	Dobhar-shaothrú ⁽¹⁷⁾	Bainne	Uibheacha	Coinín	Géim fiáin	Géim feirme	Mil	Cásálacha
AD	Andóra	X	X	Δ	X		P						X	
AE	Aontas na nÉimírichtaí Arabacha						Δ P	X ⁽²⁾ O	O				X ⁽³⁾	
AL	An Albáin		X				X ⁽¹⁴⁾ P	O	X					X
AM	An Airméin						X ⁽¹⁴⁾ P	O	O				X	
AR	An Airgintín	X	X		X	X	X ⁽¹⁴⁾ P	X	X	X	X	X	X	X
AU	An Astráil	X	X		X		X M	X	X		X	X	X	X
BA	An Bhoisnia agus an Heirseagaivéin	X	X	X		X	X ⁽¹⁴⁾ P	X	X				X	
BD	An Bhanglaidéis						X P	O	O					
BF	Buircíne Fasó												X	
BJ	Beinin												X	
BN	An Bhurúin						X ⁽¹⁵⁾ P	O	O					

▼M7

Cód ISO na tíre	Tríú tír ⁽¹⁾ nó réigiún sa tír sin	Bó-ainmhithe	Ainmhithe de chineál caorach/ ainmhithe de chineál gabhair	Muc-ainmhithe	Each-ainmhithe	Éanlaith chlóis	Dobhar-shaothrú ⁽¹⁷⁾	Bainne	Uibheacha	Coinín	Géim fiáin	Géim feirme	Mil	Cásálacha
BR	An Bhrasaíl	X			X	X	X P	O	O				X	X
BW	An Bhotsuáin	X					P							
BY	An Bhealarúis				X ⁽⁸⁾		X ⁽¹⁴⁾ P	X	X				X	X
BZ	An Bheilís						X ⁽¹⁵⁾ P	O	O					
CA	Ceanada	X	X	X	X	X	X M	X	X	X	X	X	X	
CH	An Eilvéis ⁽⁷⁾	X	X	X	X	X	X ⁽¹⁴⁾ M	X	X	X	X	X	X	X
CL	An tSile	X	X ⁽⁵⁾	X		X	X ⁽¹⁴⁾ M	X	O		X		X	X
CM	Camarún												X	
CN	An tSín					X	X P	O	X	X			X	X
CO	An Cholóim						X P	X	Δ					X
CR	Cósta Ríce						X P	O	O					
CU	Cúba						X ⁽¹⁵⁾ P	O	O				X	
DO	an Phoblacht Dhoimniceach												X	

▼ M7

Cód ISO na tíre	Tríú tír ⁽¹⁾ nó réigiún sa tír sin	Bó-ainmhithe	Ainmhithe de chineál caorach/ ainmhithe de chineál gabhair	Muc-ainmhithe	Each-ainmhithe	Éanlaith chlóis	Dobhar-shaothrú ⁽¹⁷⁾	Bainne	Uibheacha	Coinín	Géim fiáin	Géim feirme	Mil	Cásálacha
EC	Eacuadór						X P	O	O					
EG	An Éigipt													X
ET	An Aetóip												X	
FK	Oileáin Fháclainne	X	X ⁽⁵⁾				X ⁽¹⁴⁾ P	O	O					
FO	Oileáin Fharó Oileáin						X ⁽¹⁴⁾ P	O	O					
GB	An Ríocht Aontaithe ⁽⁶⁾	X	X	X	X	X	X ⁽¹⁴⁾ Δ M	X	X	X	X	X	X	X
GE	An tSeoirsia												X	
GG	Geansaí						O M	X	O					
GL	An Ghraonlainn		X ⁽⁵⁾				M					X		
GT	Guatamala						X ⁽¹⁵⁾ P	O	O				X	
HK	Hong Cong						Δ P		Δ					
HN	Hondúras						X P	O	O					
ID	An Indinéis						X P	O	O					

▼M7

